


## AN CHEARNÓG

**Suíomh:** An Campas Theas

**Uaireanta Oscailte:** 8am-8pm, Luan-Domh i rith na bliana

**Rochtain:** Rochtain gan chéimeanna chuig an gclós

## IARSMALANN GHEOLAÍOCHTA JAMES MITCHELL

**Suíomh:** Laistigh den Chearnóg

**Uaireanta Oscailte:** 10am-4pm, Luan-Aoine i rith na bliana

**Rochtain:** Níl aon rochtain gan chéimeanna ann

## RÉ NA hIMPIREACHTA

**Suíomh:** Taobh thiar den Chearnóg

**Uaireanta Oscailte:** 8am-10pm, Luan-Aoine i rith na bliana

**Rochtain:** Rochtain gan chéimeanna

## IARSMALANN NA ZÓ-EOLAÍOCHTA AGUS NA BITHEOLAÍOCHTA MUIRÍ

**Suíomh:** An Campas Theas

**Uaireanta Oscailte:** 10am-4pm, Luan-Aoine

**Rochtain:** Rochtain gan chéimeanna ach í a iarraidh

## DROICHEAD UÍ SHEACHNASAIGH

**Suíomh:** An Campas Theas

**Uaireanta Oscailte:** 6am-10pm, Luan-Domh i rith na bliana


**Rochtain:** Rochtain gan chéimeanna

## BEALACH GLAS ABHAINN NA GAILLIMHE

**Suíomh:** Ar bhruach na habhann tríd an gCampas Theas, Láir agus Thuaidh

**Uaireanta Oscailte:** 8am-10pm, Luan-Domh i rith na bliana

**Rochtain:** Rochtain gan chéimeanna, cosáin ghairbhéil in áiteanna




## ÁRAS AGUS LEABHARLANN UÍ ARGADÁIN

**Suíomh:** An Campas Theas

**Uaireanta Oscailte:** Príomhuaireanta 9am-5pm, Luan-Aoine. Oscailte Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh, mar aon le huaireanta oscailte níos faide i rith na seachtaine, le linn an téarma amháin.
Téigh chuig *library.nuigalway.ie* chun tuilleadh eolais a fháil.

**Rochtain:** Rochtain gan chéimeanna

## SEODA NUA-AOISEACHA

**Suíomh:** Os comhair Áras Uí Argadáin

**Uaireanta Oscailte:** 8am-10pm, Luan-Domh i rith na bliana

**Rochtain:** Rochtain gan chéimeanna

## ÁRAS INNEALTÓIREACHTA ALICE PERRY

**Suíomh:** An Campas Láir

**Uaireanta Oscailte:** 8am-10pm, Luan-Domh i rith na bliana

**Rochtain:** Rochtain gan chéimeanna

## MÚSAEM RÍOMHAIREACHTA AGUS CUMARSÁIDE NA hÉIREANN

**Suíomh:** Ionad Insight don Anailísíocht Sonraí, Páirc Ghnó IDA na Gaillimhe

**Uaireanta Oscailte:** Go seachtainiúil, ag brath ar fhéilte agus ar thurais.

Cuir cuairt in áirithe trí rphost a sheoladh chuig Brendan Smith (Coimeádaí), brendan.smith@insight-centre.org

## BAILIÚCHÁN EALAÍNE NA hOLLSCOILE

Tá an bailiúchán ealaíne is mó in Iarthar na hÉireann in OÉ Gaillimh, agus os cionn 500 saothar ar fad ann. Feicfidh tú neart píosaí ealaíne agus dealbhóireachta ar fud an champais. Féach ar an mbailiúchán agus faigh amach cá bhfuil na saothair ealaíne le feiceáil: **www.nuigalway.ie/artcollection**

## FLÓRA AR AN gCAMPAS

Tá ár ngarraíodóirí bródúil as an leagan amach atá ar spásanna glasa na hOllscoile, agus ar fud an champais feicfidh tú crainn torthaí, móinéir bláthanna fiáine, ceapacha luibheanna, agus gairdín orgánach – agus coirceog fiú. Bí ag faire amach, agus tabhair leat luibheanna, torthaí agus sméara ar do bhealach!




# MÓRCHUAIRT NA HOLLSCOILE




## IARSMALANN GHEOLAÍOCHTA JAMES MITCHELL

'Iarsmalann rúnda' na Gaillimhe an leasainm a thugtar ar ár n-iarsmalann Gheolaíochta atá i bhfolach ar urlár uachtarach na Cearnóige. Tá bailiúchán ollmhór san iarsmalann ina bhfuil níos mó ná 15,000 iontaise, carraig agus geamchloch as gach cearn den domhan.

Fiú má tá cuma sheanaimseartha ar an iarsmalann ina bhfuil painéil adhmaid ar na ballaí, tá an bailiúchán chomh luachmhar agus a bhí riamh do mhic léinn agus do thaighdeoirí Eolaíochtaí Domhain agus Aigéin na hOllscoile. Tá clú agus cáil bainte amach againn leis na scórtha bliain i gcúrsaí taighde geolaíochta. In 1863, ba é William King, Ollamh le Geolaíocht de chuid na hOllscoile, a chum an téarma 'an duine Néandartálach'. Ach ní gá duit a bheith i d'ollamh le sult a bhaint as an iarsmalann. Is leor intinn ghrinn a bheith agat agus spiorad na heachtraíochta a bheith ionat!

## AN CHEARNÓG



Cuireadh tús le scéal na hOllscoile nuair a tógadh foirgneamh na Cearnóige ar imeall chathair na Gaillimhe sa bhliain 1845. Aithris ar Eaglais Chríost in Oxford Shasana atá ann. As aolchloch an cheantair a tógadh é i stíl Ghotach na dTúdarach. Siúil isteach faoin áirse agus samhlaigh an lá ar osclaíodh doirse na hOllscoile an chéad uair riamh agus gan ach 68 mac léinn ag freastal uirthi! Ba é an Aula Maxima atá díreach os do chomhair amach príomh-halla léachtaí na hOllscoile ar feadh na scórtha bliain, agus ba sa choirnéal is faide uait ar chlé a bhíodh cónaí ar iar-Uachtaráin na hOllscoile agus ar a dteaghlaigh go dtí na 1970í.

Faoin Áirse atá Oifig Fáilte na hOllscoile suite, áit ar féidir leat eolas a fháil faoi imeachtaí ar an gcampas agus bronntanais agus earraí OÉ Gaillimh a cheannach.

## IARSMALANN NA ZÓ-EOLAÍOCHTA AGUS NA BITHEOLAÍOCHTA MUIRÍ



Tá an iarsmalann seo lonnaithe in Institiúid Mháirtín Uí Riain, an áit a mbíonn taighde Comhshaoil, Muirí agus Fuinnimh na hOllscoile ar siúl. Tá níos mó ná 500 sampla d'ainmhithe stuáilte agus de chnámharlaigh – idir dhúchasach agus choimhthíoch – sa bhailiúchán. Ar chuid de na cinn is spéisiúla, tá ceithre fhíorshampla de chuid Charles Darwin a ceannaíodh ó Chumann Zó-eolaíochta Londan, agus bailiúchán de bhreis agus 100 'mionsamhail Blaschka' – deilbhíní gloine mionsaothraithe d'ainmhithe mara. Taitneoidh an tanc éisc ar an mbealach isteach chuig an iarsmalann le páistí, is ann a bhíonn Nemo féin ag snámh!

## RÉ NA hIMPIREACHTA



Bunaíodh an Ollscoil le Cairt Ríoga ó Bhanríon Victoria Shasana in 1845 agus bhí sí ar cheann de thrí Choláiste de chuid na Banríona in Éirinn. Tá iarsmaí dá fréamhacha ríoga le feiceáil go fóill. Tá dealbh mhór d'Armas Ríoga Shasana ar chúl na Cearnóige. Bhí sí lonnaithe ar dtús ar Theach na Cúirte i nGaillimh ach baineadh an dealbh anuas i rith Chogadh na Saoirse agus coinníodh san Ollscoil í chun go mbeadh sí sábháilte. Iarsma de ré atá caite atá inti anois.

In aice láimhe, gheobhaidh tú léiriú ar an gceangal a bhí ag an Ollscoil le rítheaghlach Shasana le gairid. Nuair a thug Prionsa Séarlas na Breataine Bige agus Bandiúc Chorn na Breataine cuairt ar Éirinn in 2015, chuir siad dair Ghaelach mar cheiliúradh ar a gcuairt stairiúil ar an Ollscoil.

Tá gairdín cuimhneacháin in aice láimhe chomh maith, atá tiomnaithe do shaighdiúirí as Éirinn a fuair bás agus iad ar dualgas síochána leis na Náisiúin Aontaithe.

## ÁRAS AGUS LEABHARLANN UÍ ARGADÁIN



Tá Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, áit a bhfuil bailiúchán de níos mó ná 50,000 leabhar, ar cheann de na foirgnimh is gnóthaí ar an gcampas. Ainmníodh í in ómós chéad leabharlannaí na hOllscoile, Séamas Ó hArgadáin, a d'fhoilsigh an cuntas is údarásaí ar stair na Gaillimhe thiar sa bhliain 1820. Is sa Leabharlann, atá lonnaithe i gcroílár na hOllscoile, a choinnítear an bailiúchán cartlann atá againn. Táthar ag cur le líon na gcartlann i rith an ama. Déantar ábhar a chaomhnú iontu chun a chinntiú go gcuimhneofar ar chuid de na pearsana agus de na hinstitiúidí is cáiliúla in Éirinn - Éamon de Buitléar, John Huston agus Amharclann na Mainistreach, mar shampla.

San fhorhalla taobh amuigh den Leabharlann tá spás taispeántais ina mbíonn clár taispeántas ar bun ó cheann ceann na bliana ar an iliomad ábhar - ó WB Yeats go dtí an deileadóireacht! Tá saorchead isteach ann, mar sin buail isteach sa Leabharlann go bhfeicfidh tú cén t-ábhar is deireanaí atá ar taispeáint ann.

## DROICHEAD UÍ SHEACHNASAIGH



Is aicearra álainn thar Chanáil Eglinton é Droichead Uí Sheachnasaigh atá ina nasc idir campas na hOllscoile agus lár chathair na Gaillimhe. Tógadh é sa bhliain 2012, agus ainmníodh é in ómós do Michael O'Shaughnessy, iar-Phríomhinnealtóir San Francisco, ar chéimí de chuid na hOllscoile é. Is é a bhí i mbun cuid de na tionscadail innealtóireachta is aitheanta dá bhfuil ann – droichead an Golden Gate agus córas tramanna cáiliúil San Francisco ina measc.

Beidh radharc agat ón droichead ar chuid dár seoda innealtóireachta féin. Ar thaobh na hOllscoile feicfidh tú na canálacha agus na loic a úsáideadh i ndrioglann uisce beatha Persse, a bhí ar an bhfostóir ba mhó i nGaillimh tráth. Agus ar thaobh na cathrach feicfidh tú sean-áith aoil atá lonnaithe san áit ar a dtugtar an Gort Iascaigh. Úsáideadh an t-aol ón áith seo chun an t-ospidéal fiabhrais in aice láimhe (Ionad na hÉireann do Chearta an Duine anois) agus an príosún (mar a bhfuil Ardeaglais Chaitliceach na Gaillimhe anois) a dhíghalrú.

## BEALACH GLAS ABHAINN NA GAILLIMHE



Tá 105 heicteár i gcampas na hOllscoile agus síneann sé le taobh Abhainn na Gaillimhe. Níl áit ar bith san Ollscoil rófhada ó bhruach na habhann. Tugann an Bealach Glas deis do thurasóirí dul ar siúlóid nó ag rothaíocht ar a suaimhneas ar bhruach na habhann ó thuaidh chomh fada leis na páirceanna imeartha sa Daingean. Is é an campas is bithéagsúla in Éirinn é, mar sin bíodh súil in airde agat d'éanacha, d'fhéileacáin agus do mhadraí uisce timpeall na háite.

Ón gcosán gheobhaidh tú léiriú ar stair na Gaillimhe. Ar an gcampas theas, coinnigh súil amach do thrí philéar aolchloiche san uisce – sin a bhfuil fágtha den bhealach iarainn a bhí ag dul ó Ghaillimh go dtí an Clochán in aois Victoria. Níos faide ó thuaidh ná sin, beidh radharc trasna na habhann agat ar chaisleán Mhionlaigh, agus ar thaobh an champais aimseoidh tú a bhfuil fágtha de bhaois Theach Tae Theaghlach Uí Mháirtín. Tógadh é ag tús an 19ú haois, nuair a bhí teaghlach Uí Mháirtín – ceann de threibheanna na Gaillimhe – ina gcónaí ar thailte an champais.

## SEODA NUA-AOISEACHA



Tháinig méadú as cuimse ar an Ollscoil sna 1970í agus tá a rian sin ar an ailtireacht nua-aoiseach ón tréimhse sin. Ba é an comhlacht ailtireachta Scott Tallon Walker a dhear Foirgneamh na nDán/na hEolaíochta. Dhear siad cuid de na foirgnimh nua-aoiseacha is aitheanta in Éirinn, leithéidí Bhusáras Bhaile Átha Cliath agus Ionad Teilifíse RTÉ.

Rinne Scott Tallon Walker táipéisí a choimisiúnú ó chuid de mhórealaíontóirí na hÉireann don tSlí Dála, agus tá saothar Patrick Scott, Cecil King, Patrick Heron agus Roy Johnston le feiceáil ansin go fóill. Taobh amuigh den tSlí Dála tá seoid nua-aoiseach eile, 'Dealbh Buí na Gaillimhe' a rinne Brian King. An 'Rud Mór Buí' an t-ainm ceana atá ag an bhfoireann agus ag na mic léinn ar an dealbh. Is léiriú nua-aoiseach é ar an tsnaidhm ársa Cheilteach.

## ÁRAS INNEALTÓIREACHTA ALICE PERRY



Is in OÉ Gaillimh atá an Scoil Innealtóireachta is mó in Éirinn. Tá sí lonnaithe i bhfoirgneamh a bhfuil duaiseanna go leor buaite aige agus atá ainmnithe in ómós d'Alice Perry, an chéad bhean a bhain céim san Innealtóireacht amach in Éirinn agus sa Bhreatain. Tá scáileáin agus bearnaí oscailte i mballaí agus in urláir an fhoirgnimh a thugann spléachadh dúinn ar an mbealach ar tógadh é, ar na hábhair a úsáideadh agus ar úsáid fuinnimh an fhoirgnimh. Ar an gcaoi seo, faigheann na mic léinn fíorléiriú soiléir ar an mbealach a dtógtar foirgnimh nua-aimseartha. Tá taispeántas ar stair na hinnealtóireachta dar teideal 'Realised Vision' le feiceáil ar urlár na talún ar an taobh thoir den fhoirgneamh.

In aice láimhe, feicfidh tú an áit a mbíodh coláiste na bProinsiasach, Coláiste Naomh Antaine, ina bhfuil Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J.E. Cairnes lonnaithe sa lá atá inniu ann. Tógadh Coláiste Naomh Antaine in 1930 agus úsáidtear séipéal ann mar léachtlann anois.




## OÉ GAILLIMH

Más í seo do chéad chuairt ar OÉ Gaillimh, cuirimid céad míle fáilte romhat chuig an ollscoil is mó agus is sine in Iarthar na hÉireann. Má tá tú ar dhuine den 90,000 céimí dár gcuid agus más ag filleadh ar d'alma mater atá tú, fáilte ar ais! Tá an-áthas orainn cuid d'iontais agus d'áilleachtaí ár gcampais a roinnt leat ar Mhórchuairt na hOllscoile, agus tá siad ar fad ar fáil saor in aisce don phobal. Táimid ag spreagadh na heagna ó 1845, agus tá an-áthas orainn an t-eolas, an stair agus an paisean atá againn a roinnt leat agus tú ag tabhairt cuairte ar ár gcampas álainn.

### Ó lár chathair na Gaillimhe:

Lean an Abhainn nó Canáil Eglinton in aghaidh an tsrutha i dtreo Ardeaglais na Gaillimhe. Níl an bealach isteach chuig OÉ Gaillimh ach cúpla nóiméad siúil as sin.

**Páirceáil:** Níl ach líon teoranta áiteanna páirceála do chuairteoirí ann, agus tá comharthaí gorma 'Íoc & Taispeáin' orthu ar an gcampas. Nó is féidir spásanna páirceála ar an tsráid a úsáid ar Bhóthar na hOllscoile agus ar Bhóthar an Chaisleáin Nua.

### Oifig Fáilte:

Tá Oifig Fáilte na hOllscoile lonnaithe faoin Áirse ar an mbealach isteach sa Chearnóg. Beidh fáil anseo agat ar léarscáileanna den champas, ar eolas faoi imeachtaí agus ar bhronntanais agus ar earraí OÉ Gaillimh.

### Sonraí teagmhála:


**OÉ Gaillimh,**
**Bóthar na hOllscoile,**
**Gaillimh**
**Ríomhphost info@nuigalway.ie**
**www.facebook.com/nuigalway**
**www.twitter.com/nuigalway**
**www.nuigalway.ie/visitors**


## MÚSAEM RÍOMHAIREACHTA AGUS CUMARSÁIDE NA hÉIREANN



Ní ritheann sé linn gur déantáin stairiúla atá i ríomhairí, ach de réir mar atá an dearadh agus an teicneolaíocht ag feabhsú i rith an ama, tá sé spéisiúil súil siar a chaitheamh ar an mbealach ar tháinig an ríomhaireacht chun cinn. Is é an Músaem Ríomhaireachta agus Cumarsáide an t-aon mhúsaem dá leithéid in Éirinn. Tá sé lonnaithe in Ionad Anailísíochta Sonraí Insight sa Daingean, agus tá rogha leathan seanríomhairí a bhíodh coitianta tráth ann, leithéidí DEC PDP 11, Apple II, Sinclair ZX81 agus Commodore Vic-20.

Is féidir le cuairteoirí féachaint ar sheanraidiónna, ar sheanghreannáin agus ar sheanphóstaeir ficsin eolaíochta, agus spraoi a bheith acu le seanchluichí físeáin ar nós 'Space Invaders' agus 'Pacman'. Má tá cuimhne agat ar na gairis seo, nó mura bhfuil féin, bainfidh tú sult as eolas a fháil ar an mbealach ar fhorbair an teicneolaíocht le 100 bliain anuas.


Eliane indeisgnfile trail map-Irish.indd 2
30/05/2017 17:06